



AN SCÉIM CABHAIR LE CEANNACH (CLC) FOIRM CHLÁRÚCHÁIN DO CHONRAITHEOIR CÁILITHEACH

Éilfionn an Scéim CLC ar fhorbróirí / chonraitheoirí clárú mar Chonraitheoir Cáilitheach faoin scéim. Ba chóir do chonraitheoirí ar mian leo clárú mar Chonraitheoir Cáilitheach an fhoirm seo a chomhlánú. Tá sé le tíolacadh leis an eolas breise riachtanach (liostaithe thíos), trí M'Fhiosruithe in ROS mar **An Scéim Cabhair le Ceannach - Ceadú Conraitheora**

- a. Ainm
- b. Dáta
- c. Eolas Clárúcháin Cánach
 - i. Uimhir CBL
 - ii. Uimhir CCI (má tá sé éagsúil)
- d. Uimhir Rochtana ríomh-Imréitigh Cánach
- e. Deimhnigh an méid seo a leanas maidir le do ráta CCI (cuir X isteach sa bhosca cuí)
 - i. Tá mé cláraithe mar Fhochonraitheoir nó mar Phríomhchonraitheoir / sa chóras ríomh-CCI agus tá mo ráta CCI reatha
 - 0%
 - 20%
 - 35%

nó

- ii. Tá mé cláraithe mar Phríomhchonraitheoir sa chóras ríomh-CCI agus deimhním go gcomhlíonann mé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Alt 530G nó 530H den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna leasú) [seachas na hoibleagáidí sin dá dtagraítear in Alt 530G(1)(a) agus (b) nó 530H(1)(a) agus ^(b) a thagraíonn d'Fhochonraitheoirí]
- f. Deimhnigh an méid seo a leanas (cuir T isteach sa bhosca cuí)
 - i. Is mian liom a bheith i mo Chonraitheoir Cáilitheach cláraithe
 - ii. Glacaim leis go bhfuil stádas Conraitheoir Cáilitheach a fháil agus a choinneáil ag brath ar mo chomhlíontacht cánach leanúnach
 - iii. Chomh fada agus a choimeádaim stádas Conraitheoir Cáilitheach, toilím an t-ainm atá liostaithe in (a) thuas, agus m'uimhir chlárúcháin cánach, a fhoilsiú ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim

Deimhnigh an méid seo a leanas le do thoil maidir le sonraí na n-áiteanna cónaithe cáilitheacha beartaithe faoi CLC (cuir x sna boscaí ábhartha nuair is infheidhme)

- i. Líon na n-áiteanna cónaithe cáilitheacha
- ii. Uimhir Aitheantais ríomh-RCT an tSuímh (áit a bhfuil tús curtha leis na hoibreacha)

- iii. Cuirim fianaise isteach leis seo ar sheoladh / ceantar na n-oibreacha do na háiteanna cónaithe cáilitheacha
- iv. Cuirim fianaise isteach leis seo ina sonraítear praghas díola gach ceann de na háiteanna cónaithe cáilitheacha
- v. Deimhním leis seo más oibreacha céimnithe iad, agus más ea, cé mhéad céim a bheidh ann, lena n-áirítear dáta críochnaithe na hoibre don chéim/na céimeanna
- vi. Deimhním leis seo go gcuirfidh mé tuilleadh sonraí isteach maidir le haon áiteanna cónaithe cáilitheacha atá beartaithe amach anseo le linn thréimhse na scéime CLC
- vii. Cuirim fianaise isteach leis seo ar cheadanna pleanála gaolmhara do na háiteanna cónaithe cáilitheacha
- viii. Cuirim fianaise isteach leis seo ar dhoiciméad fóilió agus ar eastát saorsheilbhe nó léasachta nó leas i dtalamh dá dtagraítear ag (iii) thuas

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach [Príobháideachas](http://www.revenue.ie) ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.